Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15563/17**

**SOC 802**
**EMPL 613**
**ECOFIN 1106**
**SAN 460**
**EDUC 451**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Nollaig 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14636/17 |
| Ábhar: | Feabhas a chur ar Thacaíocht Phobalbhunaithe agus ar Chúram Pobalbhunaithe do Mhaireachtáil Neamhspleách<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis na conclúidí ón gComhairle maidir le Feabhas a chur ar Thacaíocht Phobalbhunaithe agus ar Chúram Pobalbhunaithe do Mhaireachtáil Neamhspleách a ghlac Comhairle EPSCO ag an 3569ú cruinniú dá cuid a tionóladh ar an 7 Nollaig 2017.

**Feabhas a chur ar Thacaíocht Phobalbhunaithe[1] agus ar Chúram Pobalbhunaithe do Mhaireachtáil Neamhspleách**
**Conclúidí ón gComhairle**

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI**

1 Is cuspóirí de chuid an Aontais Eorpaigh é an comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a chur chun cinn, an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac agus ardleibhéal fostaíochta agus cosanta sóisialta a chur chun cinn agus déantar iad a chumhdach sna Conarthaí. Foráiltear, ina theannta sin, le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh gur cheart d'institiúidí an Aontais, mar aon leis na Ballstáit, agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, cearta pearsanta, sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta a urramú;

2. Ní aontas de Bhallstáit an Aontais amháin atá i gceist leis an Aontas Eorpach, ach aontas atá comhdhéanta de mhuintir na mBallstát. Saolaítear gach duine daonna agus é comhionann ó thaobh dínite agus ceart agus baineann luach comhionann le gach duine beo. Maidir le daoine a bhfuil dúshláin, deacrachtaí agus míbhuntáistí áirithe ag bagairt orthu, ba cheart an deis a thabhairt dóibh tairbhe a bhaint as tacaíocht riachtanasbhunaithe lena spreagtar iad lena bheith rannpháirteach go gníomhach sa tsochaí agus i margadh an tsaothair. Chun cur ar chumas daoine aonair lán a n-acmhainneachta a bhaint amach ionas gur féidir leo páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol sóisialta, eacnamaíoch, ní foláir tacú le daoine ag céimeanna criticiúla ar feadh a saoil;

3. Tá gealltanas sofheicthe tugtha ag an Aontas Eorpach gona Bhallstáit chun cearta daoine leochaileacha a chosaint agus chun maireachtáil neamhspleách agus rannpháirtíocht an phobail a fheabhsú, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a dhaingniú lena n-aithnítear an ceart comhionann atá ag gach duine atá faoi mhíchumas chun maireachtáil go neamhspleách agus páirt a ghlacadh sa chomhphobal agus na roghanna céanna a bheith acu is atá ag daoine eile;

1 I gcomhthéacs na gconclúidí seo ón gComhairle, ba cheart an téarma "pobalbhunaithe" a léirmhíniú i gcomhthéacs na dtreoirlínte comhchoiteanna Eorpacha maidir leis an aistriú ón gcúram institiúideach chuig an gcúram pobalbhunaithe.

**AGUS BÉIM Á LEAGAN AR AN MÉID A LEANAS**

4. Beidh tionchar nach beag ag treochtaí déimeagrafacha, digitiú an gheilleagair, luas agus raon feidhme athruithe sa saol oibre agus géarchéimeanna éagsúla ar bheartas sóisialta agus saothair na hEorpa amach anseo;

5. Caithfidh na luachanna comhroinnte Eorpacha maidir le dínit an duine, comhionannas agus urraim do chearta an duine ár sochaithe a threorú, bheith mar chuid d'fhorbairt leanúnach múnluithe sóisialta agus tacú le struchtúir atá oiriúnach don 21ú haois. Tá freagracht ar na Ballstáit, ar a n-údaráis phoiblí, ar institiúidí an Aontais ar na comhpháirtithe sóisialta agus ar an tsochaí shibhialta ar gach leibhéal, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, oibriú i dtreo Eoraip a bheadh níos rathúla agus níos cothroime, ina mbeidh nasc láidir idir forbairtí eacnamaíocha agus sóisialta;

6. Cé gur ar na Ballstáit go príomha atá an fhreagracht agus an inniúlacht dhlíthiúil i gcomhair beartas sóisialta agus cé nach mór go gcuirfí athchóirithe leordhóthanacha ar chórais chúraim chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, is féidir, trí phlé níos leithne a dhéanamh ar leibhéal an Aontais faoi chreat an mhodha oscailte comhordúcháin, cuidiú suntasach a thabhairt i ndáil le cuir chuige chomhchoiteanna a fhorbairt. Tacaíonn colún Eorpach na gceart sóisialta leis an méid sin, agus roinnt mhaith prionsabal agus ceart á gcur in iúl aige, lena n-áirítear an ceart chun cúraim inacmhainne fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán;

7. Chun stát leasa a fhorbairt mar is ceart, éilítear idirghníomhú cliste idir beartais shóisialta agus eacnamaíocha, lena spreagtar nuálaíocht, cur chun cinn fiontraíochta agus infheistíocht i gcaipiteal daonna agus sa timpeallacht oibre agus maireachtála. Tá na milliúin daoine ann nach bhfuil fós in ann lán a n-acmhainneachta a bhaint amach mar gheall ar shrianta pearsanta, sochaíocha agus institiúideacha, nithe ar féidir leo deacrachtaí a chruthú do dhaoine i dtaca le saol neamhspleách a bheith acu. Chomh maith le cosaint airgeadais a sholáthar i gcoinne rioscaí sóisialta tromchúiseacha, ba cheart go ndíreofaí sna beartais ar bhearta a ghlacadh chun daoine, idir óg agus aosta, a ghríosú agus a chumhachtú ar bhealach níos fearr;

8. Ba cheart go mbeadh an duine féin in ann an áit a dtabharfar an cúram a roghnú, agus ba cheart cinneadh an duine sin a urramú. Is gá athrú meoin le go n-aithneofaí níos forleithne an prionsabal go bhfuil sé de cheart ag gach duine maireachtáil go neamhspleách laistigh dá chomhphobal, páirt ghníomhach a bheith aige sa tsochaí agus a bheith páirteach i gcinntí a bhaineann lena shaol. Sa chomhthéacs sin, tá ról ríthábhachtach ag deiseanna fostaíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas agus d'oibrithe scothaosta chun a áirithiú gur féidir le gach duine lán a acmhainneachta a bhaint amach;

9. Cé go bhfuil líon mór institiúidí cónaithe deighilte fós ar fud an Aontais, tá gluaiseacht shoiléir shuntasach i dtreo roghanna tacaíochta agus cúraim pobalbhunaithe sna Ballstáit. Mar sin féin, is léir nach féidir fairsinge agus líon na n-institiúidí cónaithe atá ann cheana féin a laghdú go dtí go mbeidh réitigh phobalbhunaithe inacmhainne ar ardcháilíocht i bhfeidhm. Ba cheart straitéis shoiléir agus infheistíocht láidir a chur ar fáil chun seirbhísí pobalbhunaithe nua-aimseartha ar ardcháilíocht a fhorbairt agus chun tacaíocht do chúramóirí, go háirithe cúramóirí teaghlaigh a mhéadú. Go háirithe, ba cheart díriú ar dheiseanna le maireachtáil neamhspleách ghníomhach a chruthú agus a leathnú trí níos mó cumhachta a thabhairt do dhaoine, mar thosaíocht, sna réimsí ábhartha ar fad. Ba cheart do na hinstitiúidí cónaithe atá fágtha tacú le neamhspleáchas cónaitheoirí, cúram féinoiriúnaithe ar ardcháilíocht a chur ar fáil agus fónamh go háirithe do riachtanais daoine spleácha nach é cúram pobalbhunaithe an rogha is fearr dóibh. Tá sé bunriachtanach sábháilteacht, dínit agus timpeallacht neamh-idirdhealaitheach a áirithiú i ngach áit ina dtugtar cúram;

10. Is gá aghaidh a thabhairt go córasach ar ghné na hinscne i réimse na maireachtála neamhspleáiche, an chúraim phobalbhunaithe agus na tacaíochta pobalbhunaithe. Ar lámh amháin, ós rud é go soláthraíonn cúramóirí teaghlaigh neamhfhoirmiúla, go háirithe mná, cuid shuntasach den chúram ar fad, tá sé tábhachtach a áirithiú go dtabharfaí níos mó aitheantais d'obair chúraim neamhíoctha. Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil freisin chun go dtiocfaidh freagrachtaí cúraim agus obair íoctha le linn saolré na bhfear agus na mban araon le chéile ar bhealach níos fearr, ionas go roinnfear freagrachtaí cúraim eatarthu ar bhealach níos cothroime. Ar an láimh eile, tá sé riachtanach an bhearna phá idir na hinscní agus steiréitíopáil ar bhonn inscne i bpoist íoctha a chomhrac, ionas, mar shampla, go spreagfar níos mó fear chun obair in earnáil an chúraim;

11. Ba cheart nuálaíocht, lena n-áirítear réitigh TFC, a úsáid chun feabhas a chur ar cháilíocht na tacaíochta pobalbhunaithe agus an chúraim phobalbhunaithe. Ní gá, áfach, go mbeadh réitigh nua chruthaitheacha bunaithe ar nuálaíocht theicneolaíoch. Is féidir leo bheith bunaithe freisin ar nuálaíochtaí sóisialta amhail comhchruthú, an geilleagar comhoibríoch agus dearadh seirbhíse duineláraithe;

12. Tugann Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) rannchuidiú tábhachtach do chur chun feidhme athchóirithe. Tacaíonn siad leis an ngeilleagar sóisialta agus áirithíonn siad go ndéanfar beartais a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtaí. Tugann clárthréimhse 2014-2020 deis as cuimse chun úsáid níos dírithe Chiste Sóisialta na hEorpa, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a chur chun cinn chun tacú leis an aistriú ó chúram institiúideach chuig cúram pobalbhunaithe faoin gcuspóir téamach chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus an bhochtaineacht a chomhrac. Sa chomhthéacs sin, chláraigh roinnt Ballstát roghanna malartacha beartais faoi seach faoi na tosaíochtaí infheistíochta is ábhartha;

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**- AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH**

13. Plé a chur chun cinn, machnamh domhain a stiúradh ar shaincheisteanna na huaire a bhaineann leis an aistriú chuig seirbhísí pobalbhunaithe agus cur chun feidhme praiticiúil na dtreoirlínte comhchoiteanna Eorpacha maidir leis an aistriú ó chúram institiúideach go cúram pobalbhunaithe agus na sraithe straitéisí maidir le húsáid chistí an Aontais Eorpaigh a éascú chun na críche sin;

14. Leanúint d'fheabhas a chur ar mhalartú na réiteach fianaisebhunaithe, nuálach agus na gcleachtas a bhfuil dea-chuma orthu agus saineolas idir na Ballstáit, saineolaithe agus an tsochaí shibhialta d'fhonn cur le soláthar seirbhísí pobalbhunaithe;

15. Leanúint lena chuid oibre anailísí ar chomháitribh agus na Ballstáit agus Eurostat a spreagadh chun féachaint fan bhféadfaí an anailís ar a indéanta atá sé comháitribh a áireamh sna suirbhéanna nó i bhfoinsí sonraí iomchuí eile a chur sna treoirstaidéir a rinne Eurostat faoi , agus costais agus acmhainní á gcur san áireamh;

16. Leanúint de thacú le seoladh athchóirithe struchtúracha agus le múnlaí agus uirlisí nua a thástáil le haghaidh soláthair cúraim, mar shampla, nuálaíochtaí agus gnólachtaí nuathionscanta lena gcuirtear dlús le forbairt tacaíochta pobalbhunaithe agus cúraim phobalbhunaithe a mhaoiniú agus deiseanna i gcomhair maireachtála neamhspleáiche a chothú trí CSIE, tríd an gclár tacaíochta um athchóiriú struchtúrach (SRSP) agus trí scéimeanna cistithe iomchuí eile a úsáid (e.g. clár de chuid an Aontais Eorpaigh um fhostaíocht agus um nuálaíocht shóisialta (EaSI) agus Fís 2020);

- **IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus cúinsí sonracha náisiúnta á gcur san áireamh, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

17. Tús a chur le díospóireacht phoiblí oscailte maidir le hinfhaighteacht roghanna tacaíochta agus cúraim pobalbhunaithe a mhéadú d'fhonn feasacht phoiblí a ardú agus faireachán rialta a dhéanamh ar athruithe ar thuairim an phobail. Páirt ghníomhach a ghlacadh i ndíospóireachtaí poiblí ina bhfuil baint ag na meáin, saineolaithe, an tsochaí shibhialta, comhphobail agus spriocghrúpaí, obair le comhphobail áitiúla a spreagadh d'fhonn deireadh a chur le stiogmaí agus le geasa, aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhraitear, tuiscint chomhchoiteann agus meas frithpháirteach a bhaint amach, agus gach geallsealbhóir a ullmhú chun seirbhísí pobalbhunaithe a fhorbairt agus a fheabhsú;

18. Súil ghéar a choimeád ar an bhfaireachán ar úsáid CSIE agus sásraí cistithe ábhartha eile an Aontais chun an t-aistriú ó chúram institiúideach go cúram pobalbhunaithe a spreagadh;

- **IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, agus a gcásanna sonracha á gcur san áireamh, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

19. Céimeanna a ghlacadh, de réir mar is iomchuí, chun spleáchas ar réitigh cúraim institiúidigh a laghdú, cur chuige maireachtála neamhspleáiche a fhorbairt i ngach áit a dtabharfar cúram agus dlús a chur leis an aistriú ó chúram institiúideach chuig an gcúram pobalbhunaithe trí mhaireachtáil sa teaghais a spreagadh agus a chur chun cinn agus trí thacaíocht ar ardcháilíocht a sholáthar, agus trína áirithiú go mbeidh na daoine lena mbaineann níos rannpháirtí sa chinnteoireacht;

20. Feabhas a chur ar fhorbairt seirbhísí pobalbhunaithe i gcomhréir le riachtanais na ndaoine lena mbaineann agus lena dtimpeallacht láithreach;

21. Leanúint dá n-údaráis fhreagracha a chumhachtú chun tacaíocht nuálaíoch shaincheaptha a fhorbairt, bunaithe ar mheasúnuithe riachtanais iomchuí, agus ionchais na ndaoine lena mbaineann mar aon lena dteaghlach á gcur san áireamh agus seirbhísí á ndearadh agus á soláthar. Áirítear air sin an ceart a bhronnadh an soláthraí seirbhíse agus an áit a dtabharfar an cúram a roghnú as measc réimse roghanna;

22. Leanúint de thacaíocht a thabhairt chun creat rialála, an bonneagar, an pearsanra agus na seirbhísí cáilithe is gá a chuireann ar chumas daoine maireachtáil go neamhspleách a bhunú agus a chur ar fáil. Tá infheistíochtaí in oiliúint, i dtimpeallachtaí oibre sábháilte agus i gcoinníollacha oibre iomchuí ríthábhachtach do chúramóirí a sholáthraíonn tacaíocht phobalbhunaithe agus cúram pobalbhunaithe mar aon leo siúd atá ag obair in institiúidí cónaithe;

23. Rannpháirtíocht comhphobal a mhéadú agus níos mó cumhachta a thabhairt dóibh maidir le beartais a cheapadh agus a sholáthar trí, mar shampla, réitigh chliste a úsáid amhail an geilleagar comhroinnte, agus sineirgí a chruthú idir réimsí éagsúla beartais d'fhonn cost-éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht a bhaint amach san fhadtéarma;

24. Agus é á chur san áireamh go bhfuil saol na hoibre ag athrú, níos mó deiseanna oideachais agus fostaíochta a chur chun cinn do dhaoine a bhí ag obair in institiúidí cúraim cónaithe, agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais fostaíochta agus scileanna laistigh d'earnáil na seirbhísí cúraim. Tá gá le breisoiliúint agus uas-sciliú scileanna iomchuí do speisialtóirí atá ag obair in institiúidí cúraim cónaithe mar aon le hoiliúint iomchuí do chúramóirí a thugann tacaíocht agus cúram lasmuigh d'institiúidí chun aistriú réidh a sholáthar chuig cineálacha nua oibre i gcomhthéacs cúraim phobalbhunaithe;

25. Nuair is féidir, sonraí inchomparáide, briste síos de réir na seirbhísí a sholáthraítear nó an riachtanais speisialta, de réir na cúise leis an gcónaí, aoise agus inscne, a bhailiú faoi líon na ndaoine atá ina gcónaí i gcineálacha éagsúla institiúidí cónaithe nó a bhfuil cineálacha eile cúraim á bhfáil acu;

**- IARRANN SÍ AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

26. I gcomhar leis an gCoimisiún, leanúint ar aghaidh ag éascú agus ag spreagadh bailiú agus roinnt tuairimí, saineolais, taithí agus cleachtas a bhfuil dea-chuma orthu sa ghluaiseacht i dtreo tacaíochta pobalbhunaithe agus cúraim phobalbhunaithe laistigh de chreat an mhodha oscailte comhordúcháin maidir le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta;

27. Athbhreithnithe téamacha a eagrú ar fhorbairtí agus torthaí dearfacha a baineadh amach sa ghluaiseacht i dtreo tacaíochta pobalbhunaithe agus roghanna tacaíochta a bheith ar fáil, lena n-áirítear laistigh den athbhreithniú piaraí sa chlár cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta;

28. I gcomhar leis an gCoimisiún agus le Fo-Ghrúpa um Tháscairí an Choiste um Chosaint Shóisialta, na príomhréimsí tionchair a chinneadh, tús a chur leis an bplé agus féachaint an bhféadfaí táscairí comhchoiteanna iomchuí a fhorbairt d'infhaighteacht, d'inacmhainneacht agus do cháilíochtsoláthair cúraim fhadtéarmaigh i gcineálacha éagsúla cúraim.

## TAGAIRTÍ

### An tAontas Eorpach

- Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, IO C 326, 26.10.2012, lch. 391;
- Europe 2020 – *A strategy for smart, sustainable and inclusive growth* (An Eoraip 2020 – Straitéis le haghaidh fáis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh), (EUCO 13/10);
- Creat reachtach CSIE, go háirithe Rialachán 1303/2013 (CPR), Rialachán 1304/2013 (CSE) agus Rialachán 1301/2013(CFRE), IO 347 an 20/12/2013;
- An Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach 2017-2020 (PE-CONS 8/17);
- Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta[2].

### An Chomhairle

- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aosú faoi Dhínit (15955/09);
- Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh laistigh den Chomhairle maidir le Creat nua Eorpach um Míchumas (10173/10);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le tacú leis an Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 a chur chun feidhme (11843/11);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhaontú Eorpach um Meabhairshláinte agus um Fholláine: torthaí agus gníomhaíocht amach anseo (IO C 202, 8.7. 2011, lch. 1);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Rialachas Sóisialta le haghaidh Eoraip chuimsitheach (15070/15);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Cur Chuige Comhtháite i ndáil leis an mbochtaineacht agus an eisiamh sóisialta a chomhrac (10434/16);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Dlús a chur leis an bPróiseas i ndáil le Lánpháirtiú na Romach (15406/16);
- Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát maidir le himircigh ar leanaí iad a chosaint (10085/17).

---

2 https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/social-summit-european-pillar-social-rights-booklet_en.pdf

**An Coimisiún**

- Próiseas Páipéir Bháin maidir le todhchaí na hEorpa (Gné Shóisialta na hEorpa (8717/17), Leas a bhaint as an domhandú (9075/17), AEA a Dhoimhniú (9940/17);
- Moladh ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2013 maidir le "Infheistíocht a dhéanamh i leanaí: timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh" (2013/112/AE);
- Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin: 'Breithniú ar Mholadh 2013 maidir le "Infheistíocht a dhéanamh i leanaí: timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh (8712/17);
- Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin; Pacáiste Infheistíochta Sóisialta, Cúram fadtéarmach i sochaithe atá ag dul in aois Dúshláin agus roghanna beartais (SWD(2013) 41 final);
- An Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020: Tiomantas Athnuaite Chun go mBeidh an Eoraip Saor ó Bhacainní (COM(2010) 636 final).

**Torthaí eile**

- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD);
- An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR);
- Treoirlínte Comhchoiteanna Eorpacha maidir leis an Aistriú ó Chúram Institiúideach go Cúram Pobalbhunaithe agus an tSraith Straitéisí maidir le hÚsáid Chistí an Aontais Eorpaigh chun na críche sin (2012);
- Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, barúil ghinearálta ar Airteagal 19: Ag maireachtáil go neamhspleách agus bheith páirteach sa phobal, 29 Lúnasa 2017;
- Coinbhinsiún NA um Chearta an Linbh;
- Prionsabail na Náisiún Aontaithe do Dhaoine ScothAosta (1991);
- Grúpa Saineolaithe Eorpach um an Aistriú ó Chúram Institiúideach chuig Cúram Pobalbhunaithe (EEG);
- Tuarascáil ón nGrúpa Saineolaithe Ad Hoc um an Aistriú ó Chúram Institiúideach chuig Cúram Pobalbhunaithe (2012);
- An Gréasán Eorpach um Maireachtáil Neamhspleách (ENIL);
- Tuarascáil ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha "Ó Institiúidí chuig cónaí sa phobal", Cuid I - gealltanais agus struchtúir, Cuid II - cistiú agus buiséadú, Cuid III - torthaí do dhaoine faoi mhíchumas (2017);
- Conclúidí maidir leis na torthaí a bhí ar an gcomhdháil "Dínit + Maireachtáil neamhspleách = DM" (12-13 Deireadh Fómhair, Taillinn, an Eastóin)[3].

---

[3] http://www.sm.ee/sites/default/files/content-editors/Ministeerium_kontaktid/Ministeeriumi_tutvustus_ja_struktuur/conference_conclusions.pdf